# Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

10 Meitheamh 2024 Uimhir 38

**<u>Wellbeing Month:</u>**

**Tá Mí Folláine na Scoile tosaithe anois agus seo a leanas roinnt den bhuaicphointí den mhí:**

**- Drámaíochtaí R2 & R3.**
**- Súilóid Urraithe na Scoile & Dúshlán na gCéimeanna.**
**- Díolachán Cácaí na Scoile.**
**- Seachtain Ghníomhach.**
**- Lá Spóirt na Scoile.**
**- Blitzchómortas Peile.**
**- Turais Scoileanna.**
**- Béim ar a bheith ag múineadh amuigh faoin aer.**
**- Am Aireachais go seachtainiúil.**
**- Béim sa bhreis ar chineáltas, cairdeas agus aire a thabhairt dá chéile.**
**- Cuairt ón Veain Uachtar Reoite.**

*<u>June - Well-being Month:</u>*

*Our school's Well-Being Month is underway and the following are the some of the highlights:*

*- R2 & R3's drama performances.*
*- Sponsored Walk & Steps Challenge.*
*- School's cake sale.*
*- Active Week.*
*- Sports Day.*
*- Football blitz.*
*- School Tours*
*- Emphasis on teaching outside*
*- Mindfulness time weekly.*
*- Additional emphasis on kindness, friendship and looking after one another.*
*- Visit from the ice-cream van.*

—-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**<u>Seachtain Ghníomhach:</u>**

**Cuirfear tús le Seachtain Ghníomhach 2024 ar an Luan 17 Meitheamh. Tá go leor imeachtaí éagsúla eagraithe againne ar nós rothaíocht timpeall an champas oideachais, Lá Spóirt na Scoile, seisiúin ióga, páirc astro na meánscoile a úsáid, cuairt ar ionad súgartha Mhaigh Nuad (R2/R3), stáisiúin spóirt agus Picnic na dTeidí (Naíonáin Bh, Naíonáin Mh. & R1) i measc go leor imeachtaí eile. Ná déanaígí dearmad ar uachtar gréine agus go leor uisce!**

*<u>Active Week:</u>*

*Active Week 2024 will commence on Monday 17th June. There are plenty of activities and outings planned such as cycling around the education campus, Sports' Day, yoga sessions, visits to the astroturf, visit to Maynooth*

*Playground (R2/R3), sport stations and the Teddy Bear Picnic (Naíonáin Bh., Naíonáin Mh. & R1) amongst many more. Don't forget sun cream and plenty of water!*

—--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Blitzchomórtas CLG R2/R3:**

**Tugadh cuireadh go páistí R2 agus R3 páirt a ghlacadh i mblitzchomórtas an CLG. Eagrófar na cluichí ar an gCéadaoin bheag seo, le cluichí na gcailíní ar siúl óna 10.00 - 11.30 agus cluichí na mbuachaillí ar siúl óna 12.00 - 13.30. Beidh na cluichí ar siúl ar pháirceanna peile an bhóthar Mhaigh gCláir. Ní bheidh na cluichí iomaíoch sa chaoi nach mbeidh scóranna á choinneáil ag na réiteoirí. Tá sciath fiacla de dhíth ó na páistí agus moltar buataisí peile/lámhainní. Tá fáilte roimh thuismitheoirí teacht le breathnú ar na cluichí.**

*GAA Blitz R2/R3:*

*Maynooth GAA have invited all 2nd and 3rd class boys and girls to their 2024 blitz day. The games will take place this Wednesday, with the girls' blitz from 10.00 - 11.30 and the boys' blitz from 12.00 - 13.30. All matches will take place on the Moyglare Road training pitches. The blitzes will be non-competitive and scores will not be kept. Gum shields are required and boots/gloves are recommended. Parents are welcome to come and watch.*

—--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Dráma Rang a 2 agus Dráma Rang a 3:**

**Chuir na páistí ar fad i Rang a 2 agus Rang a 3 drámaí den chéad scoth i láthair do thuismitheoirí agus páistí na scoile le déanaí. Thaitin na dramaí go mór le chuile duine a bhí i láthair. Bhí na múinteoirí iontach bródúil as gach uile páiste. Comhghairdeas leo ar fad!**

*2nd and 3rd Class Dramas:*

*The children in both 2nd and 3rd class performed their dramas for parents and children recently. All the parents really enjoyed the performances and the teachers were really proud of the children. Congratulations to all the children!*

—--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**CLG:**

**Tá an traenáil CLG críocnaithe anois. Ár mbuíochas mór le Declan, Colm agus Clíona as a gcuid ama agus iarrachta. Bhí siad ar fheabhas ar fad, agus bhain na páistí an-taitneamh as.**

*GAA:*

*The GAA training is now finished. A huge Thank You to Declan, Colm and Clíona for all their time and effort. They were wonderful, and the children really enjoyed it.*

—--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Coiste na dTuismitheoirí:**

**1. Súilóid Urraithe / Díolachán Cácaí:**

**Ár mbuíochas le gach duine a tháinig amach chuig ár siúlóid urraithe agus diolachán cácaí inné. Bhí sé iontach sibh ar fad a fheiceáil i láthair agus go raibh míle maith agaibh do na hearraí bacála ar fad. Thaitin siad go mór le gach duine. Táimid go mór faoi chomaoin ag Ollscoil Mhá Nuad a thug cead dúinn ár siúlóid a dhéanamh ansin agus bhain na páistí an-taitneamh as. Ár mbuíochas leis na gasóga a**

**thug cead dúinn a n-áitreabh a úsáid chomh amith. Fógrófar an méid a ardaíodh an tseachtain seo chugainn.**

**2. Dúshlán Céimeanna:**
**Comhghairdeas le gach duine a ghlac páirt i nDúshlán na gCéimeanna i mbliana, imeacht thar a bheith rathúil a bhí ann le hionadaíocht ó gach rang ag glacadh páirte. Seo a leanas na buatóirí;**
**Laoise Donnelly, Glen Douglas, Vincent Hanrahan, Carmel Bracken, Karen Kennedy agus Graham Dempsey. Ba é Vincent Hanrahan an buatóir iomlán. Túgadh bonn agus teastas do na buatóirí ar fad agus fuair Vincent corn chomh maith!**
**Má bhíonn an cárta urraithe fós agaibh, seolaigí ar ais ar scoil é roimh an Aoine le bhur dtoil.**

**3. Intel - Duais 'Pride of Place'**
**Ba mhór an phribhléid é dúinne €5,000 a bhronnadh ar an scoil i ndiaidh dhuais a bhaint amach ag an searmanas bronnta Intel 'Pride of Place' an tseachtain seo caite. Tá a fhios againn go mbainfeadh na páistí an-tairbhe as an duas seo. Ár mbuíochas speisialta le Laoise Donnelly a rinne an t-úfas oibre ag ullmhú an iarratais seo.**

**4. Ranganna Gaeilge:**
**Leanfaidh ranganna comhrá ar aghaidh sa scoil oíche Déardaoin ag 8i.n. Tá fáilte roimh chách.**

**5. Lotto na Scoile:**
**Comhghairdeas le Pauline Robinson a bhuaigh €20 agus bosca seacláide ar an Aoine. Seasann an pota óir ar €1,800 anois. Go n-éirí go geal le gach duine!**

*Parents Committee:*

*1. Sponsored Walk/Cake Sale:*
*Thank you to everyone who came out to support the Sponsored Walk and Cake Sale yesterday. It was lovely to see so many of you and thank you for all the baked goods, they went down a treat. We were very grateful to Maynooth College for letting us have our walk there and definitely the children really seemed to enjoy themselves. A thank you also to the Maynooth Scouts for letting us host our event in their venue. We will inform you of the total raised next week.*

*2. Step Challenge:*
*A huge well done to everyone that took part in this year's challenge, it was a great success with every class represented. The winners were as follows: Laoise Donnelly, Glen Douglas, Vincent Hanrahan, Carmel Bracken, Karen Kennedy and Graham Dempsey. The overall winner was Vincent Hanrahan. Everyone received a medal and certificate with Vincent receiving a trophy.*
*If you still have your Sponsorship Card please return to school by this Friday.*

*3. Intel 'Pride of Place' Award:*
*We had the absolute pleasure of handing over €5,000 in prize money to the school following our win last week at the Intel 'Pride of Place' Awards. We know it will go to great use for the benefit of the children. In particular we would like to thank Laoise Donnelly for all her hard work surrounding the submission.*

*4. Irish Classes*
*Conversational classes will continue in the school on Thursday night at 8p.m. Everyone is welcome.*

*5. School Lotto:*
*Congratulations to Pauline Robinson who won €20 and a box of chocolates on Friday. The jackpot now stands at €1,800.*

—-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**STEAM Academy:**

**Tháinig beirt ón STEAM Academy amach chugainn ar an Aoine seo caite. Níor éirigh leo ceardlann a dhéanamh le gach rang ar an droch uair ach d'oibrigh siad le naíonáin mhóra agus rang a 3. Bhí na múinteoirí leo ag an am agus bhí Póla agus beirt ó choiste na dTuismitheoirí i láthair ag seisiún na naíonán mór chomh maith. Níl aon dabht ach gur thaitin sé leis na páistí ar fad a bhí i láthair.**
**Úsáideann siad na spriocanna inbhunaithe chun réitigh a phlé trí sleamhnáin a thaispeáint. Téann na páistí ag pleanáil agus ag tógáil róbóanna ansin le hipadanna agus boscaí bricí agus déanann siad an róbó a chódáil ansin le bogadh thart.**
**Tá spéis acu Club Iarscoile a chur ar fáil sa scoil i nGaeilge an bhliain seo chugainn, níl an lá roghnaithe go fóill. Thiocfadh siad amach lá amháin gach seachtain chun tabhairt faoin gclub; 1.10i.n. - 2.10i.n. leis na naíonáin ar phraghas €20 agus 2.10i.n -3.40i.n. le R1-R4. ar phraghas €25. Ní bheadh aon bhaint ag an scoil le seo seachas go mbeadh sí ag cur na seomraí ar fáil dóibh den chlub. D'iarr siad orainn spéis na dtuismitheoirí a mheas roimh dóibh dul agus é a phleanáil dúinn do Mheán Fómhair.**
**Seo meastachán garbh ar spéis na dtuismitheoirí in a leithéid de chlub iar-scoile. Tá nasc anseo agus iarrtar ar thuismitheoirí atá den tuairim go mbeidh spéis acu i gclub iarscoile ón STEAM Academy an bhliain seo chugainn a spéis a chlárú,**
**https://forms.gle/TtxsUuvK73xwFckq9**

**Tá sé i gceist ag an scoil roinnt ranganna iar-scoile a chur ar fáil chomh maith ach ní bheith sé seo eagraithe go dtí an chéad scoilbhliain eile.**

**Seo an nasc chuig suíomh greasáin an Steam Academy,**
**STEAM Academy | For Schools**
**Téigí i dteagmháil leo le haon cheisteanna atá agaibh le bhur dtoil.**

*STEAM Academy:*

*Two members of the STEAM academy visited the school on Friday. They didn't succeed in doing a workshop with all classes unfortunately but did work with senior infants and 3rd class. The teachers were with the classes and Póla and two members of the parents' committee sat in on the senior infant session also. There is no doubt that the children all enjoyed the session. They use the sustainability goals to discuss solutions through a slide presentation. The children then plan and build robots with lego and ipads and programme the robots to move. They are interested in running an after-school club in our school through Irish next year. They would come out one day a week, the day is yet to be decided and work with infants from 1.10p.m. - 2.10p.n. for €20 and from 2.10p.m. until 3.40p.m. with children from 1st class to 4th class for €25.*

*The school would have no part in the running of this apart from providing the rooms for the club to take place.*

*They have asked us to find out if there is parent interest in this before going and planning for this club in our school from September. This is simply a rough estimation of parent interest. Parents who believe they would have an interest in such an after-school club are asked to express their interest through the link below,*

*https://forms.gle/TtxsUuvK73xwFckq9*

*The school does intend to provide some after-school classes next year but this will not be arranged until the next school year.*

*The following is the link to the STEAM Academy website,*
*https://steamacademy.pro/ireland/schools/*
*Please direct all questions to them.*

—------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Tuairiscí Dheireadh na Bliana:**

**Rachaidh tuairiscí dheireadh na bliana abhaile leis na páistí ar an Luan seo chugainn.**

*End of Year School Reports:*

*The end of year school reports will go home with the children next Monday.*

—------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Ranganna na Bliana seo Chugainn:**

**Naíonáin Bheaga - Múinteoir Clíona**
**Naíonáin Mhóra - Múinteoir Bláthnaid**
**Rang a 1 - Múinteoir Nua**
**Rang a 2 - Múinteoir Colm**
**Rang a 3 - Múinteoir Cáit**
**Rang a 4 - Múinteoir Nua**

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

10 Meitheamh 2024 Uimhir 38

**Rang Uathachais - Múinteoir Eimear**
**Múinteoir Tacaíochta - Múinteoir Póla**

**Má bhíonn aon deacrachtaí múinteoirí a earcú don bhliain seo chugainn, cuirfear rang a 3/Rang a 4 le chéile ach nílim ag súil go mbeadh na deacrachtaí céanna ann i mbliana.**

*Next Year Classes:*
*Junior Infants - Múinteoir Clíona*
*Senior Infants - Múinteoir Bláthnaid*
*Rang 1 - New Teacher*
*Rang 2 - Múinteoir Colm*
*Rang a 3 - Múinteoir Cait*
*Rang a 4 - Múinteoir Nua*

*Autism Class - Múinteoir Eimear*
*Support Teacher - Múinteoir Póla*

*If there is any difficulty hiring new teachers for next year 3rd/4th class will be put together but we don't envisage the same difficulties this year.*

—-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------